Modúl 3
Tachtadh

Torthaí Foghlama

Beidh daltaí:

- ag foghlaim faoin dóigh le tachtadh a aithint;
- ag foghlaim faoin dóigh le buillí droma a thabhairt do thaismeach atá ag tachtadh;
- ag foghlaim faoin dóigh le sáite boilg a thabhairt do thaismeach atá ag tachtadh; agus
- ag foghlaim faoin dóigh le tachtadh a aithint i leanaí agus i bpáistí beaga agus faoin rud le déanamh.

Acmhainní

- Físeán **Steve's Day** agus/nó físeán **Country Park**
- **Cárta Scileanna 3: Cad é ba cheart dom a dhéanamh má tá duine ag tachtadh?**
- **Cárta Gníomhaíochta 3: Cuidigh liom! Tá mé do mo thachtadh**
- Físeán PHA: How to Prevent a Child from Choking

Nótaí Teagaisc

- Taispeáin físeán **Steve's Day** agus/nó físeán **Country Park**.
- Iarr ar na daltaí a mbarúlacha a thabhairt ar na físeáin.
- Mínigh an dóigh a n-aithnítear go bhfuil duine ag tachtadh.
- Mínigh go mbíonn cásanna ann ina mbíonn daoine ag tachtadh agus iad ábalta labhairt agus análú go fóill. Mar sin de, níl cóir leighis de dhíth. Tá sé tábhachtach, áfach, an duine a chur ar a shuaimhneas.
- Mínigh an dóigh a gcuidítear le duine casacht a dhéanamh.
- Le cuidiú ó dhuine fásta, léirigh an rud le déanamh má tá duine ag tachtadh agus mínigh gach céim den phróiseas. Inis dóibh go bhfuil tú ag seiceáil go bhfuil an bac imithe i ndiaidh gach buille droma agus gach sá boilg.
- Mínigh gur cheart dóibh stopadh muna bhfuil an duine ag tachtadh níos mó.
- Bí soiléir nár cheart buillí droma nó sáite boilg a úsáid ach i gcás éigeandála amháin – níor cheart do na daltaí cleachtadh a dhéanamh ar a chéile mar go bhféadfadh siad iad féin a ghortú.
- Iarr ar na daltaí liosta a scríobh, san ord cheart, de na rudaí atá le déanamh má bhíonn duine ag tachtadh.
- Bain úsáid as **Cárta Scileanna 3: Cad é ba cheart dom a dhéanamh má tá duine ag tachtadh?** agus iarr orthu comparáid a dhéanamh lena liosta féin. An bhfuil aon rud ar lár acu?
- Fiafraigh de na daltaí cad é ba cheart dóibh a dhéanamh má éiríonn an duine atá ag tachtadh neamhaireachtálach.
- Mínigh go bhféadfadh sé gur stop an duine ag análú agus go mbeidh ACS de dhíth air. Clúdófar sin sna modúil atá le teacht.

NB: Bíonn neart fórsa i gceist le sáite boilg. Má tugadh sáite boilg do thaismeach, tá sé tábhachtacht moladh don taismeach cuairt a thabhairt ar an DG nó freastal ar an rannóg éigeandála lena chinntiú nár gortaíodh é.

© CCEA 2022

Modúl 3 - Tachtadh

Smaointe Breise agus Naisc Thraschuraclaim

- **FSO (Forbairt Phearsanta), Eolaíocht agus Teicneolaíocht (Bitheolaíocht)**
  - Déan plé leis na daltaí ar na bianna difriúla a d'fhéadfadh dul i bhfostú san fheadán anála. Labhair leis na daltaí faoi cad a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tachtadh. Cuir in iúl dóibh go bhféadfadh ithe go gasta, cuid mhór bia a chur sa bhéal, slogadh gan chogaint nó ithe agus iad ag rith thart a bheith ina gcúis le tachtadh.
- **Eolaíocht agus Bitheolaíocht (Bitheolaíocht)**
  - Tacaigh leis na daltaí taighde a dhéanamh ar ról na scairte maidir le hanálú. Iarr orthu teacht ar a scairt féin agus análacha doimhne a ghlacadh. Mínigh dóibh go dtig le brú tobann ar an áit sin brú a chur ar aer dul suas agus fríd an fheadán anála agus d'fhéadfadh sé bac a bhaint.

NB: Mínigh do na daltaí gur cheart plé le leanaí agus le páistí beaga ar bhealach difriúil.

Ba cheart 5 bhuille droma a thabhairt go fóill ach d'fhéadfadh sé a bheith níos fusa an leanbh nó an páiste a chur i d'ucht. Caithfear an cloigeann a choinneáil níos ísle ná an cliabhrach sa dóigh is go dtig leis an rud atá greamaithe teacht amach as a bhéal.

Má tá an páiste níos mó, d'fhéadfadh sé a bheith níos fusa a bheith ar do ghlúine taobh thiar dó. Ná déan iarracht an rud atá greamaithe a bhaint le do mhéara – ach amháin go dtig leat é a fheiceáil. D'fhéadfá an rud atá greamaithe a bhrú níos faide siar ach a bheith ag méarnáil sa bhéal.

Ná tabhair sá boilg dó leanbh atá faoi aon bhliain d'aois. Ina ionad sin, tabhair cúig shá cliabhraigh. Cuir an leanbh i d'ucht nó ar dhromchla láidir agus é ar a dhroim. Caithfear a chloigeann a choinneáil níos ísle ná a chliabhrach. Déan tagairt do How to Prevent a Child from Choking.

Bain úsáid as dhá mhéar le brú ar lár an chliabhraigh. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh an cliabhrach a chomhbhrú aon trian den doimhneacht suas le cúig huaire.

© CCEA 2022